

GRÚPA NA COMHGHUAILLÍOCHTA EORPAÍ
Seimineár

Cuidiú a thabhairt do na bailte agus na sráidbhailte athnuachan na tuaithe a chur chun cinn san Aontas Eorpach

European Alliance — Coiste Eorpach na Réigiún

i gcomhoibriú le Northern & Western Regional Assembly — Comhairle Chontae Liatroma Leitrim County Council

11 Feabhra 2019
Loch na Reanna, Maothail, Co. Liatroma

# *Dearbhú Liatroma: Cuidiú a thabhairt do na bailte agus na sráidbhailte athnuachan na tuaithe a chur chun cinn san Aontas Eorpach*

11 Feabhra 2019

Ag a chruinniú urghnách i Maothail (Éire) a reáchtáladh an 11 Feabhra 2019, dheimhnigh Grúpa na Comhghuaillíochta Eorpaí, ar cuid de Choiste Eorpach na Réigiún é, go bhfuil sé tiomanta tacú go gníomhach le bailte agus sráidbhailte athnuachan na tuaithe a chur chun cinn san Aontas Eorpach agus chomhaontaigh sé an dearbhú seo a leanas:

1. meabhraíonn sé go gcuimsíonn na ceantair thuaithe níos mó ná trí cheathrú de chríoch an Aontais agus go gcónaíonn níos mó ná leath de dhaonra an Aontais iontu agus nach mór dá réir sin aird ar leith a dhíriú orthu agus tacaíocht ar leith a thabhairt dóibh i gcomhréir le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus an cuspóir maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach;

2. aithníonn sé oidhreacht ollmhór shóisialta, chomhshaoil agus chultúrtha na gceantar tuaithe mar aon lena n-acmhainn eacnamaíoch agus is cúis bhróin dó go bhfuil an leibhéal forbraíochta iontu fós go mór faoi bhun mheán an Aontais Eorpaigh;

3. cuireann sé i bhfáth na dúshláin atá roimh na ceantair thuaithe ó thaobh soláthar agus inrochtaineacht seirbhísí poiblí, go háirithe seirbhísí sláinte, oideachais agus sóisialta;

4. cuireann sé i dtreis an gá atá le Dearbhú CHORCAÍ 2.0 a chur chun feidhme go hiomlán agus iarrann sé arís i ndáil leis seo go mbeidh Clár Oibre AE um Cheantair Thuaithe ann chun creat agus treoirlínte a sholáthar le haghaidh forbairt ceantar tuaithe.

5. is díol béime aige an ról lárnach atá ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe chun infheistíochtaí agus comhtháthú a thabhairt i gcrích i gceantair tuaithe agus a n-inbhuanaitheacht a áirithiú;

6. creideann sé gur fíorthábhachtach é acmhainní iomchuí le haghaidh forbairt tuaithe ar an leibhéal Eorpach a leithdháileadh mar chuid den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus den Bheartas Comhtháthaithe; sa chomhthéacs sin tugann sé rabhadh faoi na ciorruithe buiséid atá beartaithe don tréimhse 2020-2027, a d'fhéadfadh cur leis an scoilt chríochach idir na ceantair bheagfhorbartha agus na ceantair níos forbartha agus leis an scoilt idir ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe;

GA

7. cuireann sé i dtreis gur cheart do CBT leanúint de tháirgí inrianaithe ardcháilíochta a ráthú agus nach mór na caighdeáin arna socrú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a chosaint i gcomhaontuithe trádála;

8. iarrann sé go mbeidh níos mó comhair agus comhpháirtíochtaí idir ceantair uirbeacha agus tuaithe agus iad ag soláthar seirbhísí comhlántacha agus iad ag brath ar a chéile go frithpháirteach;

9. is díol béime aige go bhfuil dúshláin shonracha roimh cheantair teorann, oileánacha agus imeallacha, amhail constaicí nádúrtha, dlíthiúla agus riaracháin a chuireann bac ar an gcomhar (críochach) agus ar an bhforbairt áitiúil;

10. iarrann sé go gcuirfear béim níos mó ar chomhar trasteorann agus ar thionscadail comhair críochaigh agus maoiniú níos mó a chur ar fáil dóibh;

11. is díol béime aige ról ríthábhachtach na bhfeirmeoirí i gcaomhnú na talún agus i soláthar réiteach marthanach agus inbhuanaithe chun an tírdhreach nádúrtha agus tuaithe a chaomhnú;

12. cuireann sé i bhfáth nach mór don bheartas forbartha tuaithe a bheith teann ar an éagsúlú agus ar an nuachóiriú d’fhonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, deiseanna fostaíochta agus seirbhísí poiblí a choimeád i gceantair thuaithe agus d’fhonn rioscaí maidir le bánú na tuaithe, an scoilt chríochach agus imirce daoine oilte a sheachaint;

13. cuireann sé i dtreis a thábhachtaí atá sé infheistiú a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht chun forbairt tuaithe inbhuanaithe a áirithiú agus iarrann sé go gcuirfidh an tAontas Eorpach beartais agus tacaíocht spriocdhírithe ar fáil, lasmuigh de CBT, chun nuálaíocht ghnó agus cruthú post a éascú trí Shráidbhailte Cliste a fhorbairt;

14. iarrann sé go mbeidh sineirgí níos mó ann idir beartais ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil le haghaidh straitéisí rathúla um speisialtóireacht chliste;

15. cuireann sé i dtreis an gá atá le dlús a chur le hinfheistíocht sa digitiú sna ceantair thuaithe agus an gá atá le dul i ngleic leis an mbearna dhigiteach trí ardrochtain ar sheirbhísí leathanbhanda a áirithiú; sa chomhthéacs seo is díol béime aige go n-imreoidh na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFCanna) ról tábhachtach i gcur chun cinn na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha agus na héiceathurasóireachta;

16. cuireann sé i dtreis an tábhacht atá le cur chuige ón mbun aníos agus le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil chun comhtháthú níos fearr a bhaint amach i measc chríocha an Aontais Eorpaigh;

17. cuireann sé i dtreis tábhacht na dtionscadal forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail, amhail LEADER, a chuidíonn le húdaráis áitiúla, go háirithe i gceantair thuaithe, shléibhtiúla agus oileánacha, straitéisí áitiúla a fhorbairt i gcomhréir le riachtanais shonracha na gcríoch sin;

18. is díol béime aige rannchuidiú na gceantar tuaithe le beartas comhshaoil, aeráide agus fuinnimh in-athnuaite; spreagann sé na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun tuilleadh leasa a bhaint as a n-acmhainneacht agus samhlacha nua atá tíosach ar acmhainní agus samhlacha nua den gheilleagar ciorclach a ghlacadh chucu;

19. iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach bearta a chur chun feidhme a mhaolódh iarmhairtí Brexit ar na réigiúin agus na tionscadail is mó a bheidh thíos leis;

20. treoraíonn sé dá Uachtarán an dearbhú seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún, an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus chuig na rialtais náisiúnta agus áitiúla.